# Polasaí Tumoideachais Ghaelscoil Lios na nÓg

Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide, mhúinte agus foghlama Ghaelscoil Lios na nÓg. Cé go múintear Béarla mar ábhar agus mar theanga bheo ó Rang a 1 ar aghaidh, déantar cúram faoi leith don nGaeilge, toisc go ndéanaimid tréaniarracht coincheap an tumoideachais a chur i bhfeidhm sa scoil. Is í is ciall leis seo ná go ndéantar na páistí a thumadh sa Ghaeilge ó Naíonáin Bheaga ar aghaidh chun cur lena gcumas ardleibhéil Gaeilge a fhoghlaim. Cé go mbíonn roinnt bheag páistí líofa i nGaeilge agus iad ag teacht ar scoil, is gnáth nach mbíonn. Bímid foigneach agus tuisceanach leis na Naíonáin Bheaga mar sin, fhad is atá siad ag dul i dtaithí leis an dteanga.

Deir na saineolaithe gur gá do pháistí teanga a labhairt le páistí/daoine atá beagáinín níos líofa ná iad féin chun cur lena stór focal, lena n-eolas ar ghramadach agus araile. Mar sin is ríthábhachtach an rud do na páistí Gaeilge a chloisteáil agus a labhairt leis na ranganna níos sinsearaí sa scoil agus leagaimid béim ar dea-shampla na nArdranganna sa pholasaí seo.

Spreagfar na páistí le Gaeilge ghlan líofa shaibhir a shealbhú sa scoil ó éisteacht sna ranganna agus le baill eile foirne, i léitheoireacht leabhair Ghaeilge agus ó éisteacht le haoi-chainteoirí/ mhúinteoirí, cainteoirí dúchais ina measc, a thiocfadh ar cuairt go dtí an scoil chun ábhair bhreise a theagasc nó chun labhairt leis na páistí ar ábhair faoi leith m.sh. sláinte, ficheall, damhsa, ceol, taisteal agus araile. Is é buaicphointe an tumoideachais ná turas go dtí an Ghaeltacht do ranganna a 5 agus 6.

Tá gné duaiseanna agus gné smachta i gceist le cur i bhfeidhm an pholasaí seo. Bronntar Duais na Gaeilge ar aon pháiste a dhéanann an-iarracht leis an nGaeilge, chun aitheantas agus moladh a thabhairt dóibh. Ar an lámh eile, cuirfidh an múinteoir ranga glaoch abhaile má labhraíonn páiste Béarla 3 uair agus cuirfidh an Príomhoide glaoch má leantar leis ina dhiaidh sin.

## Ról na dTuismitheoirí sa Tumoideachas

Iarraimid ar thuismitheoirí tacaíocht a thabhairt dá bpáistí agus don scoil i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo. Tuigimid nach bhfuil an caighdéan céanna Gaeilge ag gach clann, ach pé leibhéal Gaeilge atá agaibh, bainigí úsáid aisti go minic le bhur dtoil.

Más gá duit (tuismitheoir/feighlí/cuairteoir) Béarla a labhairt le duine éigin i láthair na scoile, ní mór duit é a dhéanamh go discréideach.

## Riail na Gaeilge

Tá riail bhunúsach againn sa scoil maidir le labhairt na Gaeilge, 'sí sin gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile agus nach bhfuil cead Béarla a labhairt sa scoil ná sa chlós.

1. Tugann an scoil moladh agus aitheantas do gach páiste a dhéanann sáriarracht le labhairt na Gaeilge.
2. Cuirfear glaoch abhaile faoi labhairt an Bhéarla chun a chur ina luí ar an bpáiste chomh práinneach agus atá sé go labhródh sé/sí Gaeilge ar scoil agus ag imeachtaí scoile lasmuigh den bhfoirgneamh scoile.

Is Gaelscoil í Lios na nÓg.

# Early Immersion Policy in Gaelscoil Lios na nÓg

Gaeilge is the language of communication, teaching and learning in Gaelscoil Lios na nÓg. Although English is taught as a curricular subject from Rang a 1, a special status will always be afforded to Gaeilge as we endeavour to implement the early immersion concepts. This means that the children are immersed in Gaeilge from Junior Infants onwards, to enable them to reach a high standard. Although a small number of children start school with fluent Gaeilge, this is the exception and we are, of course, very patient and understanding with Junior Infants as they become familiar with the language.

Experts advise that childen acquiring a language should be exposed to persons who are more fluent than themselves so as to increase their vocabulary and improve their spelling, grammar etc. It is essential that the younger children hear Irish from pupils in senior classes and speak with them, and so we emphasise the good example of higher classes in this policy.

Children are inspired to develop a rich fluency in the language from listening in class, to other staff members and also through reading, listening to guest speakers/teachers, including native speakers who teach or talk about health, chess, dancing, music, travel etc. The highpoint of immersion is a trip to the Gaeltacht for Rang a 5 and 6.

In implementing Early Immersion, both rewards and disciplinary measures are used. As part of this, Duais na Gaeilge is awarded to any child who makes a special effort with Gaeilge, as a form of recognition and praise. In terms of discipline, the class teacher will ring the parents if a child speaks English three times. The Principal will ring if it continues.

**Parents' role in Early Immersion**

We ask that parents support their children and the school in the Early Immersion programme. We understand that different standards of Gaeilge pertain in different families but whatever the standard may be in your home, we urge you to use it often.

If you (parent/guardian/childminder) must speak English in the school environs, we ask that you do so discreetly.

**Riail na Gaeilge**

There is a fundamental rule in Lios na nÓg concerning Gaeilge, namely, that Gaeilge is the language of communication and that English may not be spoken in the school or within the grounds.

1. The school rewards and gives recognition to all children who make a special effort speaking Gaeilge.
2. Parents will be called if a child speaks English in school, in order to show how important it is that he/she speaks Gaeilge during the school day and school activities outside of school.

Lios na nÓg is a Gaelscoil.